# CINNEADH (CBES) 2022/1018 ÓN gCOMHAIRLE

## an 27 Meitheamh 2022

## lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Iúil 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/354/CBES [1], lenar leanadh ar aghaidh le EUPOL COPPS amhail ón 1 Iúil 2013.

(2) An 29 Meitheamh 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/902 [2] lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES agus lena gcuirtear síneadh leis ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 4 Márta 2021, i gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EUPOL COPPS, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur leis an misean go ceann tréimhse bhreise 24 mhí go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(4) An 1 Meitheamh 2021, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire freisin, agus faisnéis a chuir Iosrael agus Údarás na Palaistíne ar fáil á cur san áireamh, gur cheart, ag an gcéim sin, síneadh bliana a chur le EUPOL COPPS, go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(5) An 28 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1066 [3] lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES agus lena gcuirtear síneadh leis ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(6) Bunaithe ar fhaisnéis bhreise arna cur ar fáil ag Iosrael agus Údarás na Palaistíne, ba cheart an dara síneadh bliana a chur le EUPOL COPPS, go dtí an 30 Meitheamh 2023, mar a comhaontaíodh i gcomhthéacs a athbhreithnithe straitéisigh.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/354/CBES a leasú dá réir sin.

(8) Cuirfear EUPOL COPPS i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 12(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Is é EUR 11 660 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUPOL COPPS a chumhdach don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023."

(2) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

"Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2023.".

[1] Cinneadh 2013/354/CBES ón gComhairle an 3 Iúil 2013 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (IO L 185, 4.7.2013, lch. 12).

[2] IO L 207, 30.6.2020, lch. 30.

[3] IO L 229, 29.6.2021, lch. 13.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 27 Meitheamh 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. PANNIER-RUNACHER